

*Tuarascáil ón bpainéal athbhreithnithe
chuig an gComhairle Mhúinteoireachta i
ndiaidh athbhreithniú a rinneadh ar an
gclár um Oiliúint Tosaigh Múinteoirí*

Ainm na hInstitiúide Ardoideachais: Ollscoil na Gaillimhe

Ainm an Chláir: **Máistir Gairmiúil san Oideachas**

Dáta: An 6 Eanáir 2023

Foilsíú na Tuarascála seo

Tá sé de nós ag an gComhairle Mhúinteoireachta faisnéis a chur ar fáil don phobal go rialta maidir lena cuid feidhmeanna agus a cuid gníomhaíochtaí agus, de réir an chleachtais sin, cuirfeadh an tuarascáil seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle, www.teachingcouncil.ie.

Ábhar

Forléargas ar an gClár	3
Cúlra	3
Na sainriachtanais atá ag cláir iarbhunscoile	3
An Próiseas Athbhreithnithe	4
Torthaí Foriomlána	6
<i>Dearadh an Chláir</i>	7
<i>Acmhainní a Chur ar Fáil don Chlár</i>	15
<i>Socrúchán Scoile</i>	16
Moladh	18
Aguisín 1 – Ballraíocht an Phainéil Athbhreithnithe	19

Forléargas ar an gClár

Baineann an tuarascáil seo leis an athbhreithniú a rinneadh ar an gclár seo a leanas, a chuireann Ollscoil na Gaillimhe ar fáil:

Máistir Gairmiúil san Oideachas, dá ngairfear ‘an clár’ anseo feasta.

Background

Céim: Leagtar amach sna *Caighdeáin d’Oideachas Tosaigh Múinteoirí* na caighdeáin lena gcaithfidh cláir oiliúna tosaigh múinteoirí in Éirinn cloí leo d’fhonn creidiúnú a bhaint amach ón gComhairle Mhúinteoireachta. Is tagarmharc é freisin d’aon duine atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoir in Éirinn.

I Nósanna Imeachta um Chreidiúniú Gairmiúil a Bhronnadh ar Chláir Oiliúna Tosaigh Múinteoirí (dá ngairfear *Nósanna Imeachta* anseo feasta) leagtar amach an próiseas lena ndéantar athbhreithniú ar chláir.

Chuir Ollscoil na Gaillimhe pro forma comhlánaithe isteach mar aon le tacair agus aguisíní a rinne an clár a mhapáil i dtaca le gach ceann de na caighdeáin mar a leagtar amach iad i *Céim: Caighdeáin d’Oiliúint Tosaigh Múinteoirí*. Ba é an Painéal Athbhreithnithe a rinne athbhreithniú ar an gclár seo i ndiaidh na *Nósanna Imeachta*.

Na sainriachtanais atá ag cláir iarbhunscoile

I Mí na Samhna 2020, d’fhoilsigh an Chomhairle *Riachtanais na Comhairle Múinteoireachta maidir le hÁbhair Churaclaim a Chlárú (Iar-Bhunscoile)*, ina leagtar amach na riachtanais leasaithe de chritéir ábhair na Comhairle le haghaidh ábhair churaclaim cheadaithe. Is féidir na riachtanais a chomhlíonadh ach tabhairt faoi staidéar mar chuid de chlár d’oiliúint múinteoirí tosaigh comhreathach nó is féidir iad a chomhlíonadh ach staidéir fochéime a dhéanamh roimh chlár leantach d’oiliúint múinteoirí tosaigh a chríochnú. Tugann sé seo treoir do sholáthraithe de chláir leantacha iar-bhunscoile freisin maidir le hoiriúnacht iarrthóirí a mheas, agus é ag tabhairt achoimre ar cad iad na hábhair churaclaim ar féidir le hiarrthóirí clárú dóibh le hiad a mhúineadh sa deireadh thiar thall, chomh maith le mic léinn a chur leis na modúil mhodheolaíochta chuí.

An Próiseas Athbhreithnithe

Tugadh faoin athbhreithniú ar **Máistir Gairmiúil san Oideachas** ag Ollscoil na Gaillimhe idir Bealtaine 2022 agus Nollaig 2022 de réir *Nósanna Imeachta um Chreidiúnú Gairmiúil a Bhronnadh ar Chláir d'Oiliúint Tosaigh Múinteoirí*.

Fógra	Chuir an Chomhairle scéala chuig Ollscoil na Gaillimhe ar an 11 Samhain 2021 maidir le hAthbhreithniú agus creidiúnú ar Mháistir Gairmiúil san Oideachas .
Cruinniú Tosaigh	Tionóladh cruinniú tosaigh idir foireann feidhmiúcháin na Comhairle agus Ollscoil na Gaillimhe ar an 9 Nollaig 2021 chun forléargas a thabhairt ar an gcáipéisíocht aighneachta agus chun ceistanna ó Ollscoil na Gaillimhe a fhreagairt.
Aighneacht	Chuir Ollscoil na Gaillimhe an cháipéisíocht proforma agus tacaíochta isteach maidir leis an Máistir Gairmiúil san Oideachas ar an 3 Meitheamh 2022.
Athbhreithniú Deascbhunaithe	Thug foireann na Comhairle faoi athbhreithniú deascbhunaithe a dhéanamh agus seoladh litir ag iarraidh soiléirithe chuig Ollscoil na Gaillimhe ar an 27 Meitheamh 2022. Sheol Ollscoil na Gaillimhe a bhfreagra ar an 9 Meán Fómhair 2022.
Ceapadh an Phainéil Athbhreithnithe	Cuireadh tús oifigiúil leis an bpróiseas nuair a cheap stiúrthóir gníomhach na Comhairle Múinteoireachta an Painéal Athbhreithnithe (dá ngairfear ‘an painéal’ anseo feasta) agus an tOllamh Sheelagh Drudy mar Chathaoirleach air i dteannta an tOllamh Jim Gleeson agus an Dr Seán Ó Coigligh mar chomhaltaí painéil. Chuir foireann na Comhairle Múinteoireachta an painéal ar an eolas faoi.
Rapóirtéir	Thacaigh Jean Harrington leis an bpainéal athbhreithnithe ina ról mar rapóirtéir. I measc fheidhmeanna an Rapóirtéara bhí idirghabháil a dhéanamh le hOllscoil na Gaillimhe, chomh maith le taifid chruinnithe a choimeád agus tuarascáil an phainéil a dhréachtú agus bailchríoch a chur uirthi i gcomhar le Cathaoirleach an phainéil. Agus é i mbun breithnithe fuair an painéal tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha ábhair freisin agus ó Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta i dteannta le hainmnithe ón bhfoireann feidhmiúcháin.

<p>Cruinniú a 1 den Phainéal Athbhreithnithe</p>	<p>Tháinig an painéal le chéile ar an 19 Deireadh Fómhair 2022 d'fhonn an aighneacht a mheas. D'iarr sé soiléirithe ar Ollscoil na Gaillimhe ar an 26 Deireadh Fómhair 2022. Thug Ollscoil na Gaillimhe freagra ar an aighneacht seo ar an 11 Samhain 2022.</p>
<p>Plé leis an Institiúid Ardoideachais</p>	<p>Reáchtáil Cathaoirleach an Phainéil agus an rapóirtéir cruinniú tosaigh le Ceann na Scoile Oideachais agus Ceann Disciplín an Oideachais an 17 Samhain 2022 chun plé a dhéanamh ar an bpearsanra go mba mhaith leis an gcoiste bualadh leo agus sceideal a shocrú chuige sin.</p> <p>Thug gach comhalta den Phainéal Athbhreithnithe cuairt ar láthair Ollscoil na Gaillimhe ar an 24 Samhain 2022. D'fhreastail Rapóirtéir agus Ardoifigeach Feidhmiúcháin na Comhairle Múinteoireachta freisin, agus iad i láthair chun súil a choinneáil ar chúrsaí.</p> <p>D'fhreastail na daoine seo a leanas thar ceann na hOllscoile:</p> <ul style="list-style-type: none"> • An tUachtarán • Ceann Scoil an Oideachais • Ceann Disciplín an Oideachais • Ceann Nuacheaptha Scoil an Oideachais • Stiúrthóir Eolaíochta na hInnealtóireachta Bithleighis (Oideachas) • Stiúrthóir na hEolaíochta Ríomhaireachta agus na Matamaitice (Oideachas) • Stiúrthóir Teagaisc agus Foghlamtha • Foireann an chláir ón gclár • Stiúrthóir MGO1 [Máistir Gairmiúil le hOideachas] • Stiúrthóir MGO2 • Stiúrthóir MGO san Oideolaíocht • Ceann Bhliain 1 MGO • Ceann Bhliain 2 MGO • Cláraitheoir • Sparánaí • Mic léinn agus céimithe ón gclár • Stiúrthóir Socrúcháin Scoile • Teagascóirí Socrúcháin Scoile
<p>Cruinniú a 2 den Phainéal Athbhreithnithe</p>	<p>Tháinig an painéal le chéile chun na soiléirithe agus na moltaí comhaontaithe a mheas díreach tar éis cuairt a thabhairt ar an láthair ar an 24 Samhain 2022.</p>

Tuairisciú	Dréachtaíodh an tuarascáil agus eisíodh í chuig an IAO i gcomhair tréimhse aiseolais 30-lá. Tugadh chun críche í nuair a fuarthas an freagra deireanach ó Ollscoil na Gaillimhe.
Coiste Oideachais	Cuirfidh an Cathaoirleach an tuarascáil faoi bhráid an Choiste Oideachais ar an 16 Eanáir 2023. Féadann siad cinneadh a dhéanamh; an clár a chreidiúnú, an clár a chreidiúnú maille le ceanglais nó gan an clár a chreidiúnú.

Torthaí Foriomlána

Chuaigh an dáiríreacht agus an ghairmiúlacht lena ndeachaigh An Scoil Oideachais in Ollscoil na Gaillimhe i mbun plé leis an próiseas Athbhreithnithe i bhfeidhm go mór ar an bPainéal.

Cuireadh cáipéisíocht agus faisnéis isteach chun tacú le gach ceann de na caighdeáin *Céim*. Ba léir an tairbhe a bhain leis seo sa bhéim a leagadh san aighneacht ar mhúinteoirí faoi oiliúint a chothú mar ghairmithe a bhí eolach ar thaighde agus mar thaighdeoirí ar a gcleachtas féin. Thuig an Painéal freisin a thábhachtaí is atá an clár MGO ar bhonn náisiúnta i réimse na Gaeilge agus i dtaca le riachtanais na ngaelscoileanna.

Freastalaíonn an clár seo ar éileamh náisiúnta agus tá ról tábhachtach aige i dtaca le beartas an Stáit i leith na Gaeilge a chur i bhfeidhm. Mar a deirtear sa pro-forma, is é misean an MGO ‘múinteoirí Gaeilge den scoth a sholáthar d’earnáil oideachais trí Ghaeilge agus iad inniúil, oilte, machnamhach, cruthaitheach agus eolach ar dhea-chleachtais i leith tumoideachais/ FCÁT [Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha].’

Measann an painéal go bhfuil an-tábhacht ag baint leis an gclár seo ó thaobh beartas i leith na Gaeilge a chur i bhfeidhm.

Dearadh an Chláir

	Nóta tráchta	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
1.1.1 An Clár	Fuair an clár creidiúnú acadúil ón gComhairle Acadúil ar an 8 Aibreán 2014, sular cuireadh faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta é le ar mhaithe le creidiúnú gairmiúil. Lorg an Chomhairle Mhúinteoireachta soiléiriú i dtaca le creidiúnú suas chun dáta agus fuarthas é ar an 8 Lúnasa 2022.	Is ea
1.1.2 Creat Coincheapúil	<p>Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht conas mar a fhorbraíonn an creat coincheapúil i gcomhthéacs mhisean agus éiteas an tsoláthraí. Leagann an creat coincheapúil seo béim láidir (ní nach ionadh) ar an nGaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge.</p> <p>‘Is é misean an Mháistir Ghairmiúil san Oideachas ná múinteoirí Gaeilge den scoth a sholáthar don earnáil oideachais trí Ghaeilge atá: inniúil, oilte, machnamhach, cruthaitheach agus eolach ar dhea-chleachtais i leith tumoideachais/FCÁT [Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha].’</p> <p>Léirigh Ollscoil na Gaillimhe conas mar atá an taighde mar bhunchloch faoin gclár, <i>Polasáí na Comhairle maidir le Leanúntas Oiliúna Múinteora</i>, agus an <i>Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí</i>.</p> <p>Cuireann an aighneacht in iúl go soiléir conas mar a aithníonn sí prionsabail, tuairimí agus luachanna na hOllscoile i dtaobh oideachais.</p> <p>Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht conas a sholáthraíonn an creat coincheapúil réasúnaíocht don mhúnla OTM [Oiliúint Tosaigh Múinteoirí] a glacadh.</p>	Is ea

	Nóta tráchta	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
<p>1.1.2 Creat Coincheapúil</p>	<p>‘Is í fíis an MGO “gurb ionann an Máistir Gairmiúil san Oideachas agus a bheith ina cheannródaí maidir le fás agus forbairt na hearnála oideachais trí Ghaeilge in Éirinn”. Is uailmhianach an fhís í atá tar éis fréamhú go daingean ó cuireadh an MGO ar bun sa bhliain 1998. Cuireadh an clár ar bun d’fhonn riar ar an nganntanas de mhúinteoirí ábhair a bhí le dul ag obair i scoileanna lán-Ghaeilge agus i gceantair Ghaeltachta. Ba chúrsa eiseamláireach agus ceannródaíoch é lena linn, agus is amhlaidh atá fós. Ba é an chéad chlár tumoideachais san Eoraip é in oiliúint tosaigh múinteoirí i dteanga mhionlaigh.’</p> <p>Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht conas mar a thacaíonn an creat coincheapúil agus tacaíonn dearadh an chláir le socrúchán scoile a bheith mar chroílár don leanúntas oiliúna múinteoirí.</p> <p>Léiríonn sé freisin conas mar a dhéantar buntéamaí a chíoradh arís agus arís eile le linn an chláir. Léiríonn an clár conas mar a thugann an ghné léinn ghairmiúil den chlár go leor deiseanna do mhúinteoirí faoi oiliúint foghlaim go gníomhach ó mhúinteoirí i mbun cleachtais le fada faoi mhodheolaíochtaí ábhartha agus nuálacha, atá oiriúnach dá gcleachtas.</p> <p>Tugann Céim achoimre ar conas atá an bunphrionsabal de theagasc bunaithe ar thaighde mar bhunchloch faoi dhearadh an chláir. Is iad na deacrachtaí is mó roimh an gcroífhóireann ná téacsleabhair scoile Ghaeilge a bheith gann, agus litríocht oideachais mheasúnaithe i nGaeilge a bheith gann tearc freisin, agus inniúlacht ar Ghaeilge na ndaltaí atá ag obair sa timpeallacht lán-Ghaeilge. Tá gá lena thuilleadh taighde agus foilseachán faoi theagasc na Gaeilge, agus tharraing an painéal aird ar thaighde agus ar líon na bhfoilseachán laistigh den dámh MGO a bheith gann le hais an dámh PME.</p>	<p>Is ea</p>

	Nóta tráchta	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
<p>1.1.3 Aidhmeanna an Chláir</p>	<p>Chinn an próiseas athbhreithnithe gur shainmhínigh an aighneacht aidhmeanna an chláir go soiléir, agus í ag tabhairt léargas ar na réimsí ina bhfuil dlúthbhaint ag na haidhmeanna leis an gcreat coincheapúil agus gur léir iad i dtorthaí foghlamtha ar leith.</p> <p>Chinn an próiseas athbhreithnithe go léiríonn an aighneacht conas a réitíonn an clár an bealach do churaclaim a fhorbairt, sa chaoi is go gcuimsítear curaclaim bunaithe ar thorthaí foghlama agus tosaíochtaí náisiúnta.</p> <p>Léiríonn an t-iarratas conas mar a chuirfidh aidhmeanna an chláir ar chumas múinteoirí nuacháilithe teagasc ar ardchaighdeán agus foghlaim do gach dalta a éascú.</p> <p>‘Is iad seo a leanas príomhaidhmeanna an chláir, aidhmeanna gur ríléir go n-eascraíonn siad ó fhís agus ó mhisean an MGO.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Éascú a dhéanamh ar an dtuiscint atá ag múinteoirí faoi oiliúint ar chreataí teoiriciúla, ar eolas gairmiúil agus ar scileanna teagaisc atá mar bhunchlocha an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe ag an leibhéal iar-bhunscoile agus go háirithe san earnáil Ghaeltachta/lán-Ghaeilge. • Tuiscint, cumas, agus scileanna múinteoirí a fhorbairt i dtreo tosaíochtaí náisiúnta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na gnéithe is tábhachtaí den litearthacht, uimhearthacht agus den chuimsiú. • Forbairt a dhéanamh ar chumas na múinteoirí faoi oiliúint smaoineamh go criticiúil machnamh a dhéanamh agus bonn seasmhach a sholáthar ina dhiaidh sin le haghaidh forbairt ghairmiúil. 	<p>Is ea</p>

	Nóta tráchta	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
1.1.3 Aidhmeanna an Chláir	<ul style="list-style-type: none"> • Scileanna comhghleacúla agus comhoibrithe a fhorbairt chomh maith le tuiscint ar phleanáil agus ar fhorbairt scoile • Tacú leis na múinteoirí faoi oiliúint ar an gcúrsa i bhfoirm foghlaim bunaithe ar fhiosrú, taighde gníomhach agus an ról atá aige sin i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, agus chun léargas a thabhairt dóibh ar na dualgais eiticíúla agus dlíthiúla a mbíonn ar oideoirí. • Scileanna taighde a fhorbairt agus modhanna cuí a úsáid chun na torthaí a thuairisciú.’ <p>Cothaíonn an clár treallús sna múinteoirí faoi oiliúint agus spreagann sé iad chun meon oscailte a bheith acu i leith fás agus foghlaim ghairmiúil ar feadh a ngairm bheatha ar fad, chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlaim ghairmiúil agus ar fhoghlaim a gcuid daltaí, agus tacú lena gcuid daltaí barr a gcumais a bhaint amach.</p>	Is ea
1.1.4 Fad an Chláir & Cothromaíocht	<p>Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht go gcomhlíonann an clár MGO an critéar de dhá bhliain ar a laghad ar fhad, agus go léiríonn sé conas mar atá na múnlaí teagasc, foghlama, agus measúnaithe a leagtar amach sa chreat coincheapúil le sonrú i struchtúr an chláir.</p> <p>Léirigh Ollscoil na Gaillimhe go bhfuil baint ag gach réimse staidéir leis an obair a bheidh idir lámha ag na mac léinn mar mhúinteoirí amach anseo, go ndéanfaidh an clár éascú ar fhorbairt phearsanta na múinteoirí faoi oiliúint chomh maith lena bhfás agus a bhfolláine ina ról gairmiúil, rud a chuirfidh ar a gcumas éirí ina gcleachtóirí freagracha, iontaofa agus machnamhacha.</p> <p>Tá an Painéal sásta gur léirigh an aighneacht go n-ullmhaíonn an clár múinteoirí faoi oiliúint don saol sa seomra ranga agus a bheith ag plé go gníomhach leis an teagasc laistigh de thimpeallacht foghlama ghairmiúil, i gcaoi a léiríonn na bunluachanna d’iontaoibh, de ghean, de mheas agus d’ionracas.</p>	Is ea

	Nóta tráchtá	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
1.1.6 Comhtháthú agus Éagsúlacht d'Ábhar an Chláir	<p>Léirigh Ollscoil na Gaillimhe gur comhtháthaíodh bonnstaidéar isteach sa chlár ar bhealach a fhónann do mhúinteoirí faoi oiliúint agus dá gcuid gcleachtas; go leanann dearadh an chláir cur chuige foghlama bíseach agus go ligeann sé do mhúinteoirí faoi oiliúint taithí a fháil ar mhodhanna éagsúla teagaisc, foghlama agus measúnaithe.</p> <p>Léirigh an aighneacht go bhfuil obair ghrúpa bhig agus ranganna teagaisc mar ghné lárnach den chlár, agus go soláthraíonn an clár deiseanna do mhúinteoirí faoi oiliúint agus do bhaill foirne an chláir machnamh a dhéanamh ar bhonn aonair nó i dteannta a chéile.</p>	
Triail inniúlachta	Chomhlánaigh Ollscoil na Gaillimhe foirm dhearbhaithe maidir le 'Triail Inniúlachta', ag dearbhú go ndearadh an clár sa chaoi is gur féidir 'trialacha inniúlachta' a chur ar mhúinteoirí a bhain a gcáilíocht amach lasmuigh den Stát.	Is ea
1.7 Réimsí Staidéir atá Riachtanach	<p>Tá an Painéal sásta go soláthraíonn an clár bonn d'eitic ghairmiúil láidir sa teagasc agus san fhoghlaim, lena n-áirítear staidéar curaclaim, stair agus polasaí an oideachais, fealsúnacht an oideachais, síceolaíocht an oideachais & socheolaíocht an oideachais, go bhfeabhsaíonn sé tuiscint na mac léinn ar chóras oideachais na hÉireann, go dtugann sé léargas ar a chomhthéacs agus go gcuireann sé ar chumas na mac léinn smaoineamh go criticiúil faoi, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar na príomhghnéithe den chomhthéacs gairmiúil ina dtéann múinteoirí i mbun machnaimh agus i mbun gnímh.</p> <p>Cé go rangaítear staidéar curaclaim mar Bhonnstaidéar sa <i>Céim</i>, sa chlár seo féachtar ar Bhonnstaidéar i gcomhthéacs Fhealsúnacht, Shíceolaíocht, Stair agus Shocheolaíocht an Oideachais. Rangaítear Curaclam agus Measúnacht mar mhodúl Staidéir Ghairmiúil (ED6131). Tá Teagasc trí Ghaeilge agus Teagasc, Foghlaim agus Measúnacht mar chuid den Mhodúl seo.</p>	Is ea

	Nóta tráchtá	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
<p>1.7 Réimsí Staidéir atá Riachtanach</p>	<p>‘Úsáidtear cur chuige bíseach chun gnéithe de bhonnstaidéar a ghlacadh isteach sa chlár MGO le go mbeadh céimithe an chláir in ann a gcleachtas féin a mheas agus a fhorbairt ó bhonn atá fréamhaithe sa taighde. Ó thús na chéad bhliana, cuirtear eolas agus ábhar ó thaighde oideachais faoi bhráid na mac léinn agus spreagtar iad chun machnamh a dhéanamh ar conas is féidir leo an t-eolas seo a chur i bhfeidhm ar a gcleachtas féin ar mhaithe le leas a gcuid daltaí. Déantar an t-eolas seo a fhí isteach sa chlár agus bíonn sé ag forbairt de shíor de réir mar a théann taithí agus tuiscint na mac léinn i méid. Ar mhaithe le cur chuige ionchuimsitheach a chur i bhfeidhm, cuirtear an t-eolas seo ar fáil ar go leor bealaí agus déantar an t-ábhar a dhifreáil de réir mar is cuí.’</p> <p><u>Léann Gairmiúil</u></p> <p>Léirigh Ollscoil na Gaillimhe go bhforbraíonn gnéithe Léann Gairmiúil an chláir saineolas oideolaíochta na múinteoirí faoi oiliúint, lena n-áirítear eolas oideolaíochta faoin ábhar atá sainiúil don ábhar mar is léir ina modúil Léinn Ghairmiúil.</p> <p>Léirigh an aighneacht conas a chinntíonn an clár go gcuirtear deiseanna ar fáil do mhic léinn chun triail a bhaint as agus iniúchadh a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua agus iad atá ag teacht chun cinn le haghaidh teagasc agus foghlama le linn a n-oiliúint múinteoirí tosaigh a bheith ar siúl acu.</p> <p>Lena chois sin, léirigh sé conas a chinntíonn gnéithe Léann Gairmiúil an chláir go dtuigtear an teagasc é féin agus go dtugann na múinteoirí faoi oiliúint faoi mar a bheadh foghlaim fhéinchríticiúil ann, ina bhfuil go leor deiseanna chun machnamh a dhéanamh ar bhonn aonair nó go comhoibríoch, agus chun plé le taighde.</p>	<p>Is ea</p>

	Nóta tráchtá	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
<p>1.7 Réimsí Staidéir atá Riachtanach</p>	<p>‘Is dlúthchuid den MGO é an machnamh. Cuirtear teoiric faoin machnamh agus tuiscint air ar fáil i gcaitheamh an chúrsa ar bhealach a phléann an tábhacht a bhaineann le machnamh mar chuid d’fhoghlaim fhéinchriticiúil. Mar mheasúnú sa Chleachtas Gairmiúil, tá ar na múinteoirí faoi oiliúint a dTaisce a úsáid ar mhaithe le machnamh. Úsáidtear an machnamh seo ar bhealaí éagsúla — i bhfoirm taifeadta, scríofa agus i bhfoirm físeáin. Déantar na taisc éagsúla a mheá freisin a bhaineann le hábhar agus le modheolaíochtaí agus measúnacht. curaclaim. Caithfear machnamh a dhéanamh go rialta mar chuid den socrúchán scoile.’</p> <p><u>Socrúchán Scoile</u></p> <p>Léirigh Ollscoil na Gaillimhe conas a sholáthraíonn an socrúchán scoile deiseanna do mhúinteoirí faoi oiliúint chun múnla socrúcháin a fháil atá tacaithe go láidir agus dúshlán mhór ag baint leis ós rud é go ndéantar socrúcháin a sceidealú go cúramach i rith na bliana acadúla agus deartar iad sa chaoi is go dtugtar deiseanna do mhúinteoirí faoi oiliúint teoiric a d’fhoghlaim siad le linn obair chúrsa a dhéanamh a chomhtháthú lena gcleachtas i suíomhanna éagsúla.</p>	<p>Is ea</p>

	Nóta tráchtá	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
<p>1.7 Réimsí Staidéir atá Riachtanach</p>	<p>Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht conas a dhéanann múinteoirí faoi oiliúint taighde ar a gcleachtas féin ar bhealach a léiríonn an caidreamh idir láithreacha cleachtais (Ollscoil agus scoil). Léirigh an próiseas athbhreithnithe freisin conas a leagann múinteoirí faoi oiliúint plean síos agus conas a thugann siad faoi theagasc, fhoghlaim agus mheasúnacht ranga ar bhealach a bhaineann leas as réimse leathan straitéisí i suíomhanna ranga agus ar leibhéil ábhair éagsúla, chomh maith le conas a chuireann siad straitéisí bainistíochta ar bun sa seomra ranga sa chaoi is go dtacaítear le foghlaim gach dalta ar bhealach oiriúnach éifeachtach agus go gcuirtear dea-iompar chun cinn agus go gcloítear leis; na deiseanna tá acu breathnú ar mhúinteoirí a bhfuil taithí acu i mbun teagaisc; páirt a ghlacadh i réimse leathan de ghníomhaíochtaí scoile; machnamh criticiúil a dhéanamh ar a gcleachtas féin agus ar an gclár staidéir agus conas mar a chuireann an dá rud bonn eolais faoina chéile agus a mhúnlaíonn a chéile; aiseolas a fháil faoina gcleachtas agus freagra a thabhairt air, chomh maith le réimsí a aithint ina bhféadfaidís a thuilleadh foghlaim ghairmiúil a dhéanamh do Droichead.</p> <p>Déanann múinteoirí faoi oiliúint tionscadal taighde maidir lena gcleachtas féin sa dara bliain den chlár. Ligeann sé seo dóibh an teoiric agus an litríocht a chur i bhfeidhm ina gcleachtas féin fad is a dhéanann sé an caidreamh idir suíomhanna na scoile agus na hOllscoile a neartú. Is minic a théann an taighde a dhéantar chun leasa na scoileanna socrúcháin agus bíonn an-spéis acu san obair a bhíonn ar siúl ag na múinteoirí faoi oiliúint.</p>	<p>Is ea</p>

	Nóta tráchtá	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
<p>1.7 Réimsí Staidéir atá Riachtanach</p>	<p>‘Bíonn meascán de bhliainghrúpaí ag múinteoirí faoi oiliúint agus iad ar shocrúchán scoile. Ligeann sé seo dóibh réimse leathan de straitéisí agus de chineálacha cur chuige a chur i bhfeidhm ina gcuid pleanála agus teagaisc. Ós rud é go bhfuil éagsúlacht i ngach rang scoile, ní nach ionadh go mbíonn deiseanna rialta ag múinteoirí faoi oiliúint straitéisí éagsúla bainistíochta agus teagaisc a chleachtadh agus a chur i bhfeidhm. Tá baint ag an méid a fhoghlaimítear sna modúil MGO le conas a théitear i mbun teagaisc sa seomra ranga.’</p> <p><u>Na bunghnéithe de na cláir OTM</u> Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht go bhfuil na gnéithe seo a leanas mar bhonn faoi gach gné den chlár.</p> <p><u>1.Oideachas Ionchuimsitheach</u> ‘Leagtar béim ar dhualgas an mhúinteora seasamh criticiúil a ghlacadh i leith cleachtas agus struchtúr a chuireann bac ar chuimsiú agus ar chothromas rannpháirtíochta (Cochran- Smith, 2020; Zeichner, 2009). Baintear leas as ábhar, cur chuige agus fealsúnacht an chláir chun é seo a chur i gcrích.</p> <p>‘Cuimsíonn na modúil coincheapa, polasaithe, litríocht teoiriciúil agus eimpíreach, mar aon le hoideolaíocht agus modheolaíochtaí an oideachais ionchuimsitheach.’</p> <p><u>2. Oideachas na Saoránachta Domhanda</u> Tá ról lárnach ag Saoránacht Dhomhanda/ Oideachas Forbartha i gcur chuige an MGO le fada an lá. In 2012 d’eagraíomar an chéad “Lá Oideachais Forbartha” sa Scoil Oideachais ar bhonn comhdhála agus táimid tar éis an t-ábhar a fhorbairt ó shin i leith sa chaoi is go bhfuil sé fite fuaite ar fud an chláir anois. Oibrímid i ndlúthchomhar lenár gcomhpháirtithe: Lónra Ubuntu, Cúnamh Éireann agus Lárionad Aon Domhain Amháin i measc na bpáirtithe leasmhara eile a chinntíonn go mbíonn Oideachas sa tSaoránacht Dhomhanda leabaithe ar fud an chláir.’</p>	<p>Is ea</p>

	Nóta tráchta	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
<p>1.7 Réimsí Staidéir atá Riachtanach</p>	<p><u>3. Caidrimh Ghairmiúla agus ag obair le tuismitheoirí</u> ‘Leagtar béim ar mhúnla na comhpháirtíochta le múinteoirí faoi oiliúint agus iad ar shocrúchán scoile. Leagtar béim ar phlé oscailte éifeachtach a dhéanamh le daltaí, comhghleacaithe, tuismitheoirí, bainistíocht scoile agus baill eile de phobal na scoile ar bhealach gairmiúil, comhoibríoch agus tacúil. Iarrtar ar mhúinteoirí faoi oiliúint a bheith páirteach go hiomlán i saol na scoile, idir phleanáil chomhoibríoch lena chomhmúinteoirí/comhfhúinteoirí sa scoil agus dea-chleachtas a roinnt go comhghleacúil ar mhaithe le tacú le agus feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim. Leagtar béim ar leith ar obair i gcomhar le múinteoirí Oideachais Speisialta d’fhonn tuiscint níos doimhne a fháil ar riachtanais éagsúla na ndaltaí le gur féidir pleanáil agus tacaíocht oiriúnach a sholáthar do na daltaí seo.’</p> <p><u>4. Féiniúlacht ghairmiúil agus treallús</u> Tarraingítear aird ar fhorbairt mar chleachtóir féinmhachnamhach atá ábalta cinntí bunaithe ar luachanna (Biesta, 2015) a dhéanamh. Tugann an clár treoir agus tacaíocht do mhúinteoirí faoi oiliúint le gur féidir leo a luachanna pearsanta féin a thabhairt le chéile le luachanna an mhúinteora mar a leagtar amach iad sa <i>Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí</i>, i dtreo is go mbeidh céimithe an MGO ullamh chun páirt a ghlacadh go gníomhach i bpobal scoile.’</p> <p><u>5. Cruthaitheacht agus cleachtas Machnaimh</u> ‘Reáchtáiltear go seachtainiúil ceardlanna cruthaitheachta agus folláine le múinteoirí faoi oiliúint ar an gcampas. Díritear ar fholláine an mhúinteora fhéin, chomh maith le freagrúlacht agus solúbthacht oiriúnach agus seiftiú treoraithe mar ghnéithe den chuimsiú i ngach cuid d’obair agus d’fhoghlaim na múinteoirí faoi oiliúint, go háirithe chomh fada agus a bhaineann sé lena saol féin, agus leis an tréimhse a chaitheann siad i mbun teagaisc ar shocrúchán scoile.’</p>	<p>Is ea</p>

	Nóta tráchtá	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
1.7 Réimsí Staidéir atá Riachtanach	<p><u>6. Litearthacht agus Uimhearthacht</u> ‘Caithfear scileanna litearthachta agus uimhearthachta a bheith ar a thoil ag duine chun páirt iomlán a ghlacadh i sochaí na linne seo (O’ Sullivan et al., 2019; Shanahan and Shanahan 2012). Dá bhrí sin, tugann an MGO deiseanna do mhúinteoirí faoi oiliúint a gcumas litearthachta agus uimhearthachta féin a fheabhsú. Tugtar na tuiscintí, teoiric agus eolas oideolaíochta cuí dóibh d’fhonn an litearthacht agus an uimhearthacht a leabú ina gcleachtas laethúil. Tacóidh an cleachtas bunaithe ar thaighde seo le scileanna litearthachta agus uimhearthachta na múinteoirí faoi oiliúint a fhorbairt.’</p> <p><u>7. Scileanna Digiteacha</u> ‘Táthar go mór den tuairim nach leor modúl nó cúrsa faoi “Teicneolaíochtaí Oideachais/Foghlaim Dhigiteach” ar chúrsa OTM, ó tharla go bhfeictear do mhúinteoirí faoi oiliúint gur cúrsa ar leith nó sa bhreis é an cúrsa seo. Chuige sin, is é múnla MGO ná scileanna digiteacha a leabú ar fud an chláir agus deiseanna a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint litearthacht dhigiteach a fhorbairt agus a léiriú fud fad an chláir</p>	Is ea
Iar-bhunscoile: Riachtanais chláraithe maidir le critéir ábhair churaclaim	<p>Tá an clár ar leibhéal 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Tá próisis roghnúcháin iontrála ag teacht le riachtanais chláirúcháin churaclaim na Comhairle atá sainiúil don ábhar.</p> <p>Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht go bhfuil staidéar curaclaim atá sainiúil don ábhar agus oideolaíochtaí (modheolaíochtaí) do 19 n-ábhar i measc ghnéithe an ábhair disciplín:</p> <p>Béarla, Ceol, Cuntasáíocht, Eacnamaíocht, Bitheolaíocht, Ceimic, Fisic, Gaeilge, Matamaitic, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis, Oideachas Reiligiúnach, OSSP [Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil], Staidéar Gnó, Stair, Tíreolaíocht, Sainmhodhanna Teagaisc.</p>	Is ea

	Nóta tráchta	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
<p>1.1.8 Straitéisí Foghlama agus Measúnachta</p>	<p>Maidir leis na prionsabail, tuairimí, agus luachanna i dtaobh teagaisc, foghlama agus measúnachta a leagtar amach sa chreat coincheapúil, léirigh Ollscoil na Gaillimhe gur léir iad sna modhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe a úsáidtear sa chlár.</p> <p>Léirigh sé an gaol (ailíniú tógachaíoch) idir na deiseanna foghlama agus na critéir mheasúnaithe a bhfuiltear ag súil go mbainfidh na múinteoirí faoi oiliúint amach, agus an chaoi a bhfuil na próisis agus na nósanna imeachta measúnaithe comhleanúnach agus comhtháite agus leas á bhaint acu as modhanna measúnaithe éagsúla.</p>	<p>Is ea</p>

Acmhainní a Chur ar Fáil don Chlár

	Nóta tráchta	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
1.2.2 Soláthar Foirne	<p>Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht go gcloíonn an clár leis an gcaighdeán sa mhéid is go soláthraíonn sé:</p> <ul style="list-style-type: none"> cáilíochtaí agus taithí bhaill foirne an chlár fianaise gurb amhlaidh ó Mhí na Bealtaine 2022 i leith go bhfuil 50% ar a laghad de na Teagascóirí uile Socrúcháin Scoile cláraithe mar mhúinteoirí leis an gComhairle Mhúinteoireachta, agus 64% dá bhfoireann reatha cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. fianaise a léiríonn go ndéanfaidh múinteoir cláraithe measúnú suimitheach ar gach múinteoir faoi oiliúint uair amháin ar a laghad roimh cháiliú dó/di, le linn dó/di a bheith ar shocrúchán scoile de réir an chórais dáileacháin foirne atá i bhfeidhm ag an gColáiste. Léirigh sé freisin conas a bhaintear amach an cóimheas mic léinn is baill foirne 15:1, fad is léiríonn an clár cóimheas 9:1. <p>Léirigh Ollscoil na Gaillimhe na polasaithe forbartha foirne atá i bhfeidhm lena chinntiú go leanann an fhoireann ar aghaidh ag cur lena gcuid eolais agus saineolais, lena n-áirítear an méid a bhaineann le cleachtas machnamhach, taighde, forbairt curaclaim, oideachas ionchuimsitheach, agus forbairt ghairmiúil. Leagtar amach i bPolasaí um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach na hOllscoile gealltanais na heagraíochta.</p>	Is ea
1.2.3 Saoráidí	<p>Léirigh Ollscoil na Gaillimhe go bhfuil saoráidí cuí ar fáil chun tacú le taighde, teagasc, agus foghlaim, saoráidí a chuireann na nithe seo a leanas ar fáil: Leabharlanna, Tacaíochtaí leabharlainne do mhic léinn faoi mhíchumas, Acmhainní Teicneolaíochta Digití, Áiseanna Spóirt agus Ealaíne, Saotharlanna Eolaíochta, agus saotharlanna Micritheagaisc.</p>	Is ea

	Nóta tráchta	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
1.2.4 Córais Tacaíochta agus Treorach do Mhic Léinn	Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht go bhfuil soláthar déanta chun forbairt phearsanta agus shóisialta maille le cúram tréadach na múinteoirí faoi oiliúint a chothú.	Is ea
1.2.5 Cumarsáid agus Struchtúir Chinnteoireachta	Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht go bhfuil na struchtúir i bhfeidhm chun éascú a dhéanamh ar bhaill foirne agus ar mhic léinn a bheith rannpháirteach i bpróisis bhreithniúcháin agus chinnteoireachta ábhartha.	Is ea
1.2.6 Acmhainní Airgeadais	Léirigh Ollscoil na Gaillimhe go bhfuil acmhainní a dhóthain ag an gclár i bhfoirm ioncaim ó tháillí mac léinn agus deontais stáit lena chinntiú go mbaintear amach aidhmeanna an chlár.	Is ea

Socrúchán Scoile

	Nóta tráchta	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
1.3.1 Fís Choiteann maidir le Socrúchán Scoile	<p>Tacaíonn múnla socrúcháin scoile Ollscoil na Gaillimhe le fís choiteann i leith socrúchán scoile. Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht go bhfaigheann múinteoirí faoi oiliúint múnla socrúcháin atá tacúil, ceann a dhéanann éascaíocht ar pháirt a ghlacadh i gcomhrá gairmiúil leis na comhpháirtithe eile go léir.</p> <p>‘Is gné lárnach den MGO é an socrúchán scoile agus i ngach uile chlár d’oiliúint tosaigh múinteoirí mar a leagtar amach í sin i Céim. Bíonn ar a laghad dhá thimpeallacht scoile atá éagsúil óna chéile ag múinteoir faoi oiliúint, rud a chuireann leis an dúshlán agus a thugann réimse eispéiris níos leithne dóibh. Déantar deimhin de leis seo go bhfaigheann siad tacaíocht ó fhoirne agus ó Threoraithe difriúla i scoileanna fud fad na tíre. Moltar dóibh scoileanna a roghnú i dtimpeallachtaí éagsúla chomh fada agus is féidir, cuir i gcás, Gaelcholáiste/scoil Ghaeltachta, scoil chathrach/amuigh faoin tuath, scoil mheasctha/aonghnéis srl.’</p>	Is ea
1.3.2 Fad	Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht go bhfuil fad an tsocrúcháin scoile ag cloí le riachtanais na Comhairle Múinteoireachta agus go gcuimsíonn sé gníomhaíochtaí scoilbhunaithe agus gníomhaíochtaí a dhíríonn ar IAO araon, rud a fhágann go sásaíonn sé riachtanais an chaighdeáin seo.	Is ea
1.3.3 Gnéithe de	Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht go bhfuil gníomhaíochtaí scoilbhunaithe agus gníomhaíochtaí dírithe ar IOA mar chuid d’	Is ea
Socrúchán Scoile	eispéireas an tsocrúcháin mar a leagtar amach é sna <i>Treoirínite faoi Shocrúchán Scoile</i> agus i dtaca leis an gcéim den chlár ag a bhfuil an múinteoir faoi oiliúint.	

	Nóta tráchtá	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
1.3.4 Múnlaí Socrúcháin Scoile	Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht go mbaintear leas as cur chuige comhpháirtíochta chun múnlaí socrúcháin scoile a fhorbairt, cur chuige ina gcomhoibríonn an IAO agus na scoileanna go gníomhach lena chéile maidir le heagrú an tsocrúcháin scoile.	Is ea
1.3.5 Socrúchán a Chur in Áirithe	Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht go nglacann Ollscoil na Gaillimhe freagracht iomlán as socrúchán scoile a shocrú do mhúinteoirí faoi oiliúint.	Is ea
1.3.6 Éagsúlacht na Suíomhanna Socrúcháin	Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht go gcomhlíonann an clár an ceanglas maidir le dhá shuíomh socrúcháin ar a laghad ar bhealach a chuimsíonn éagsúlacht ó thaobh timpeallachtaí teagaisc, leibhéal ranga agus comhthéacsanna scoile de, lena n-áirítear scoileanna trí Ghaeilge.	Is ea
1.3.7 Taisce sa Socrúchán Scoile	Chinn an próiseas athbhreithnithe gur thug an aighneacht fianaise a léiríonn na cineálacha cur chuige a úsáideann Ollscoil na Gaillimhe le go mbeidh an múinteoir faoi oiliúint in ann, agus é/í ag baint leas as a dTaisce, <ul style="list-style-type: none"> • tuiscint a léiriú ar oideachas ionchuimsitheach de réir mar is infheidhme sa chomhthéacs sin • tuiscint ar obair le tuismitheoirí 	Is ea
1.3.8 Taighde le linn Socrúcháin Scoile	Léirigh Ollscoil na Gaillimhe go ndéanann an múinteoir faoi oiliúint taighde ar a gcleachtas féin ar bhealach a léiríonn an caidreamh idir suíomhanna cleachtas le linn modúil socrúcháin scoile amháin ar a laghad.	Is ea

	Nóta tráchta	Ar tugadh aghaidh ar an gCaighdeán?
1.3.9 Socrúchán Scoile: Measúnú agus Measúnacht	<p>Chinn an próiseas athbhreithnithe gur léirigh an aighneacht go bhfaigheann gach múinteoir faoi oiliúint tacaíocht agus measúnacht ó bheirt Teagascóirí Socrúcháin nó níos mó, agus ó mhúinteoir cláraithe uair amháin ar a laghad. Thug sé cur síos ar an saibhriú teagaisc agus an tacaíocht mheantóireachta a chuirtear fáil do mhic léinn nach n-éiríonn leo i modúl de shocrúchán scoile.</p> <p>‘Má tá baol ann go dteipfidh múinteoir faoi oiliúint, tá córas forbartha againn a chinntíonn gur féidir níos mó cuairteanna agus tacaíocht bhreise a chuir ar fáil. Déantar na cuairteanna breise seo go fíorúil agus/nó i bpearsa. Ina theannta sin, téann an Teagascóir Socrúcháin Scoile i mbun cainte leis an Treoraí sa scoil agus leis an bPríomhoide, chun plean tacaíochta a chur i bhfeidhm ag leibhéal na scoile. Ó tharla go leor céimithe MGO a bheith ina dTreoraithe i scoileanna, is maith is eol dóibh córas agus fealsúnacht an chláir agus iad breá ábalta dá bhrí sin cur go fiúntach leis an gcóras tacaíochta.’</p>	Is ea

Moladh

I bhfianaise na cáipéisíochta a cuireadh isteach, breithníonn an painéal go gcomhlíonann an clár na caighdeáin mar a leagann an Chomhairle Mhúinteoireachta síos iad i *Céim: Caighdeáin d'Oiliúint Tosaigh Múinteoirí agus Riachtanais Ábhair Churaclaim (Iar-Bhunscoile)*.

Dá réir sin, molann an Chomhairle Mhúinteoireachta go mbronntar creidiúnú ar an gclár.

Aguisín 1 – Ballraíocht an Phainéil Athbhreithnithe

Cathaoirleach

An tOllamh Sheelagh Drudy

Is iarmhúinteoir, taighdeoir oideachais agus oideoir múinteoirí í an tOllamh Drudy. Ba bhall í den chéad Chomhairle Mhúinteoireachta ceaptha ag an Aire in 2005 agus ba chomhalta Comhairle den Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) í freisin. Is údar agus comhúdar leabhar agus páipéar í ar an oideachas, lena n-áirítear *Education in Ireland: Challenge and Change* (2009), Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan. Is léirmheastóir seachtrach í faoi láthair do roinnt irisleabhar idirnáisiúnta agus is measúnóir í d’eagraíocht taighde idirnáisiúnta. Bhí baint aici le hathbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta a rinneadh i IAOanna éagsúla.

Comhalta Painéil

An tOllamh Jim Gleeson

Ba mhúinteoir é Jim Gleeson in earnáil an Ghairmoideachais agus d’oibrigh sé ar thionscadail forbartha agus measúnachta éagsúla. D’oibrigh sé i réimse oiliúna múinteoirí ag Coláiste Oideachais Thuamhan/Ollscoil Luimnigh (1981-2011). Ba ainmní Chumann Ollscoileanna Éireann é Jim ar an gComhairle Mhúinteoireachta ó 2005-2012. Bhí sé ina Ollamh Féiniúlachta agus Curaclaim ag Ollscoil Chaitliceach na hAstráile, Brisbane, ó 2013-2018, agus is Ollamh Taca ag an Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Cliath, é faoi láthair. I measc na n-ábhar taighde a bhfuil spéis ag Jim iontu tá polasaí agus cleachtas curaclaim; gairmiúlacht agus forbairt múinteoirí; oideachas creideamhbhunaithe.

Comhalta Painéil

An Dr Seán Ó Coigligh

Ba mhúinteoir meánscoile é Seán Ó Coigligh i nDún Dealgan, Co. Lú, áit ar mhúin sé Gaeilge, Oideachas Reiligiúnach agus OSSP trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla. Tá a chúlra fréamhaithe go daingean san oideachas faoi chearta daonna, agus roinnt blianta caite aige ag obair le Cuallacht d’Ord an tSlánaitheora sna hOileáin Philipíneacha ar Thionscadail Phobail BhunChríostaí. Ba bhall é freisin den Treoirghrúpa um Chlár Oideachais le haghaidh Athmhuintearais, tionscnamh trasteorann dírithe ar scoileanna a bhain leas as gníomhaíochtaí ranga comhoibríocha chun comhthuiscint a chothú. Dhírigh a staidéar iarchéime ar fhorás mhúineadh na Gaeilge trí bhíthin na gColáistí Gaeilge sna blianta tosaigh den fhichiú haois.